Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán

# 5 phointe eolais a theastaíonn uait faoi crypto a cheannach

Seo chugat **5 phointe eolais** faoi **crypto a cheannach**

1. Tá an baol ann go gcaillfidh tú d'airgead go léir

Tá crypto **fíor-amhantrach** agus tá **ardriosca** ag baint leis.
Má cheannaíonn tú crypto, tá an baol ann go **gcaillfidh tú an t-airgead ar fad a chaitheann tú**.

2. Tá sceamálacha crypto coitianta

Déanann **sceamálacha** crypto **iarracht dallamullóg a chur ort chun d'airgead a fháil**.
**Bí airdeallach** ar ghealltanais maidir le **torthaí arda thar thréimhse ghearr**.

3. Tá praghsanna crypto luaineach

Tá **praghsanna** go leor **crypto** faoi réir **gluaiseachtaí móra tobanna**.
Tá ceannach crypto **fíor-amhantrach**. Tá seans ann **nach gcoinneoidh do cheannachán a luach tosaigh**.

4. Féadfaidh fógraí maidir le crypto a bheith míthreorach

Fógraítear roinnt crypto ar bhealaí atá **mearbhlach**, **neamhiomlán**, **míchruinn** agus **míthreorach d'aon ghnó**.
**Bí airdeallach** ar na rioscaí a bhaineann le fógraí míthreoracha, **promóisin ar na meáin shóisialta agus ó thionchairí** san áireamh.

5. Tá crypto gan chosaint

**Níl** crypto clúdaithe faoi aon **scéim chúitimh**.
Ní bheidh tú in ann cúiteamh a fháil má chailleann tú cuid de d'airgead nó **d'airgead go léir**.

**TUILLEADH EOLAIS:** centralbank.ie/crypto-ga